

Feidhmiú an chórais iarnróid a
fheabhsú don tsochaí.

Glao ar Iarratais le haghaidh poist mar Oifigeach Tionscadal in Aonad an Chórais Eorpaigh um Bainistiú Tráchtá Iarnróid (ERTMS) - Ghníomhaire Sealadach 2(f) (AD8) - d'fhonn liosta ionadaithe a bhunú ina dhiaidh sin

ERA/AD/2016/002-OPE

SAINCHUNTAS AR AN bPOST

Oibreoidh an sealbhóir poist in Aonad an Chórais Eorpaigh um Bainistiú Tráchtá Iarnróid (ERTMS), agus é/í faoi fhreagracht Cheann an Aonaid. Beidh sé/sí freagrach as na Sonraíochtaí Teicniúla don Idir-inoibritheacht a bhaineann leis na fochórais um Rialú agus Ceannas agus um Chomharthaíocht a chothabháil d'fhonn bearta cuí a shainiú lena n-éascaítear tástáil agus fíorú a dhéanamh ar an ERTMS, aghaidh a thabhairt ar na pointí oscailte atá fágtha agus tacaíocht a thabhairt do ghníomhaíochtaí na Ghníomhaireachta a bhaineann leis an ERTMS agus a thagann faoin 4ú Pacáiste Iarnróid.

Ó tharla gur post íogair atá i gceist, beidh ar an iarrthóir rathúil ardacmhainn rúndachta a choinneáil.

Príomhchúraimí agus príomhfhreagrachtaí:

- › Cathaoirleacht agus comhordú a dhéanamh ar Mheithleacha;
 - › Obair na meithle a eagrú, agus cathaoirleacht a dhéanamh uirthi, i gcomhar le hIonadaithe Eanála agus le húdarais um Shlándaíl Náisiúnta chun pointí oscailte na Sonraíochtaí Teicniúla don Idir-inoibritheacht a bhaineann le Rialú agus Ceannas agus le Comharthaíocht a athbhreithniú agus a dhúnadh,
 - › A chinntiú go ndéantar cothabháil ar na Sonraíochtaí Teicniúla don Idir-inoibritheacht a bhaineann le Rialú agus Ceannas agus le Comharthaíocht agus ar dhoiciméid ghaolmhara de réir Straitéis na Ghníomhaireachta um Bainistiú Faisnéise trí aird a thabhairt ar éilimh reachtacha agus ar chomhlíonadh rialála, agus dea-chleachtas gnó agus dea-bhainistíocht riosca á gcinntiú ag an am céanna,
 - › A chinntiú go mbíonn doiciméid agus sreafaí oibre gaolmhara comhsheasmhach leo sin a bhíonn in aonaid oibríochtúla eile agus, má iarrtar air/uirthi déanamh amhlaidh, saineolas a chur ar fáil d'aonaid eile i réimse an chórais cháilíochta.
- › Comhordú a dhéanamh ar an ngníomhaíocht a dtéann an tAonad fúithi i gcomhar le NB-Rail;
- › Doiciméid theicniúla a dhréachtú agus a athbhreithniú, agus comhairliúchán a eagrú agus a dhéanamh le páirtithe leasmhara ar shaincheisteanna sonracha;
- › Doiciméid chumarsáide agus treorach a dhréachtú maidir leis na Sonraíochtaí Teicniúla don Idir-inoibritheacht a bhaineann le Rialú agus Ceannas agus le Comharthaíocht;
- › Saineolas agus tacaíocht a sholáthar don Ghníomhaireacht i réimse oibríochtúil an ERTMS;
- › Idirphlé a dhéanamh leis na hoifigigh ón gCoimisiún atá i gceannas ar na gnéithe iarnróid den ERTMS.

CÁILÍOCHTAÍ GAIRMIÚLA AGUS RIACHTANAIS EILE

D'fhonn iad a bheith incháilithe, ní mór d'iarrthóirí gach ceann de na critéir incháilitheachta atá sonraithe thíos a chomhlíonadh tráth an dáta deiridh ar a nglacfar le hiarratais:

CRITÉIR INCHÁILITHEACHTA

- › Leibhéal oideachais a chomhfhreagraíonn do staidéar críochnaithe ollscoile atá fianaithe le dioplóma¹ a bheith aige/aici sa chás go maireann an ghnáth-thréimhse oideachais ollscoile 4 bliana nó níos mó agus taitní ghairmiúil 9 mbliana ar a laghad a gnóthaíodh ina dhiaidh sin a bheith aige/aici,
NÓ
- › Leibhéal oideachais a chomhfhreagraíonn do staidéar críochnaithe ollscoile atá fianaithe le dioplóma a bheith aige/aici sa chás go maireann an ghnáth-thréimhse oideachais ollscoile 3 bliana ar a laghad agus taitní ghairmiúil 10 mbliana ar a laghad a gnóthaíodh ina dhiaidh sin a bheith aige/aici,
NÓ
- › Oilíúint ghairmiúil ar leibhéal comhionann a bheith curtha isteach aige/aici, nuair is gá ar mhaithe le leas na seirbhíse.

Tábhachtach:

Ní mór an staidéar ollscoile a bheith i réimse na hInnealtóireachta nó i ndisciplín gaolmhar.

- › Eolas cuimsitheach a bheith aige/aici ar theanga oifigiúil² de chuid an Aontais Eorpaigh agus eolas sásúil a bheith aige/aici ar theanga oifigiúil eile³ de chuid an Aontais Eorpaigh, a mhéid is gá chun na dualgais a bhaineann leis an bpost a chomhlíonadh;
- › A bheith ina náisiúnach de Bhallstát den Aontas Eorpach nó de stát is páirtí sa Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (an Íoslainn, Lichtinstéin, agus an Iorua);
- › A bheith i dteideal a c(h)heart iomlán mar shaoránach;
- › Aon oibleagáidí arna bhforchur le dlíthe is infheidhme a bhaineann le seirbhís mhíleata a bheith comhlíonta aige/aici⁴;
- › Na riachtanais charachtair a chomhlíonadh maidir leis na dualgais atá i gceist⁵;
- › Bheith corpacmhainneach chun na dualgais a bhaineann leis an bpost a chomhlíonadh⁶.

Déanfar gach iarratas incháilithe a mheasúnú agus a scóráil de réir na riachtanas atá liostaithe thíos. Tabhair faoi deara: mura gcomhlíonann iarrthóir ceann amháin ar a laghad de na critéir riachtanacha, eisiafar é/í ón bpróiseas roghnúcháin. Buanna breise is ea na critéir bhuntáisteacha. Mar sin, ní eisiafar an t-iarrthóir mura gcomhlíonann sé/sí na critéir sin.

¹ Ní bhreithneofar ach teidil staidéir a bronnadh i mBallstáit Aontais Eorpaigh nó lena mbaineann deimhniú comhionannais arna n-eisiúint ag údarás na mBallstát sin.

² Do mháthairtheanga nó teanga oifigiúil eile de chuid an Aontais Eorpaigh a bhfuil eolas críochnúil agat uirthi a chomhfhreagraíonn do Leibhéal C1 mar a shainítear sa Chreat Comhchoiteann Tagartha Eorpach le haghaidh Teangacha (CEFR) <http://europass.cedefop.europa.eu/en/resources/european-language-levels-cefr>

³ Eolas ar theanga oifigiúil eile de chuid an Aontais Eorpaigh a chomhfhreagraíonn do leibhéal B2 ar a laghad mar a shainítear sa Chreat Comhchoiteann Tagartha Eorpach le haghaidh Teangacha (CEFR)

⁴ Más infheidhme

⁵ Sula gceapfar é/í, iarrfar ar an iarrthóir rathúil deimhniú a chur ar fáil ina léireofar nach bhfuil aon taifead coiriúil aige/aici

⁶ Sula gceapfar é/í, cuirfear an t-iarrthóir rathúil faoi réir scrúdú dochtúra in ionad leighis a n-ainmneoidh an Ghníomhaireacht é chun a chinntiú go gcomhlíonann sé/sí riachtanais Airteagal 28(e) de Rialachán Fairne Oifigigh an Aontais Eorpaigh agus Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísh eile an Aontais Eorpaigh

CRITÉIR ROGHNÚCHÁIN

Déanfar na critéir seo a leanas a sheiceáil de réir a bhfuil sna doiciméid iarratais a chuireann an t-iarrthóir ar fáil:

A) Riachtanach

- › Taithí ghairmiúil 9 bliana ar a laghad, ar gnóthaíodh 5 bliana ar a laghad di sa réimse um chórais chomharthaíochta a dhearadh agus a shuiteáil nó sa réimse um ghlacadh le córais chomharthaíochta agus iad a dheimhniú;
- › Eolas agus taithí ar an gcóras ERTMS agus ar na sonraíochtaí a ghabhann leis;
- › Taithí ar bheartais Idir-inoibritheachta an Aontais Eorpaigh a chur i bhfeidhm.

B) Buntáisteach

- › Taithí ábhartha ar eagrúchán agus obair na gcomhlachtaí measúnaithe (e.g. Comhlachtaí dá dTugtar Fógra);
- › Dea-eolas agus dea-thaithí ar Dheimhniú Cáilíochta agus/nó ar Iniúcháireacht Cáilíochta;
- › Dea-eolas agus dea-thaithí ar theicneolaíocht na rianchiorcad;
- › Dea-eolas agus dea-thaithí ar an gcreat rialála agus normatach maidir le sábháilteacht iarnróid;
- › Taithí chruthaithe ar obair a dhéanamh i dtimpeallacht idirnáisiúnta.

Ag brath ar an líon iarratas a gheofar, d'fhéadfadh go gcuirfeadh an Coiste Roghnóireachta riachtanais níos doichte i bhfeidhm laistigh de na critéir roghnúcháin atá luaite thuas.

Glaó ar Iarratais le haghaidh poist mar Oifigeach Tionscadal in Aonad an Chórais Eorpaigh um Bainistiú Tráchtá Iarnróid (ERTMS) - Ghníomhaire Sealadach 2(f) (AD8) - d'fhonn liosta ionadaithe a bhunú ina dhiaidh sin

ERA/AD/2016/002-OPE

<i>Dáta foilsithe:</i> 22/08/2016	<i>An spriocdháta le haghaidh iarratas:</i> 25/09/2016 (23.59 Am Lár na hEorpa, am áitiúil in Valenciennes)
<i>Cineál conartha:</i> Ghníomhaire Sealadach 2(f) <i>Feidhmghrúpa agus grád:</i> AD8	<i>Áit fostaíochta:</i> Valenciennes, an Fhrainc
<i>Fad an chonartha:</i> 4 bliana agus féadfar é a athnuachan ar feadh tréimhse chinnte nach mó ná 4 bliana. Má dhéantar an conradh a athnuachan arís ina dhiaidh sin, is conradh tréimhse éiginnte a bheidh ann	<i>Buntuarastal míosúil:</i> EUR 6.502,76 ag céim 1, agus toisc ualúcháin 14.6% ann (ó 01/07/2015), móide liúntais shonracha nuair is infheidhme
<i>Aonad:</i> féach thíos	
<i>Ní mór iarratais a sheoladh le ríomhphost amháin chuig an mbosca ríomhphoist seo a leanas:</i> jobs@era.europa.eu	<i>Liosta ionadaithe bailí go dtí:</i> an 31/12/2017 (féadfar fad a chur le tréimhse bailíochta an liosta ionadaithe)

AN GHNÍOMHAIREACTH

Bunaíodh Ghníomhaireacht Iarnróid an Aontais Eorpaigh (dá ngairtear “an Ghníomhaireacht” ina dhiaidh seo) le Rialachán (AE) Uimh. 2016/796 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016. Is é an misean atá againn feidhmiú an chórais iarnróid a fheabhsú don tsochaí agus déanaimid amhlaidh trí rannchuidiú a dhéanamh maidir le Limistéar Eorpach Aonair Iarnróid gan teorainneacha agus ina ráthaítear ardleibhéal sábháilteachta a chruthú trí chur chuige comhchoiteann a fhorbairt i leith sábháilteachta ar an gCóras Cumarsáide Eorpach um Rialú Traenacha (ERTMS) agus trí rochtain shimplithe ar earnáil iarnróid na hEorpa a chur chun cinn do chustaiméirí. Ina theannta sin, beidh an Ghníomhaireacht, ón mbliain 2019 i leith, ar an Údarás Eorpach a mbeidh sé de fhreagracht air deimhnithe sábháilteachta aonair do limistéar an Aontais Eorpaigh ar fad a eisiúint chuig gnóthais iarnróid, údaruithe feithicle a eisiúint lena n-úsáid i níos mó ná tír amháin agus réamhcheadú a dheonú don bhonneagar ERTMS. Tá an Ghníomhaireacht lonnaithe in Valenciennes (ceanncheathrú) agus in Lille (ionad cruinnithe), an Fhrainc, agus fostaíonn sí 160 ball foirne faoi láthair.

Chun tuilleadh faisnéise a fháil faoin nGníomhaireacht, téigh chuig ár suíomh gréasáin:
<http://www.era.europa.eu>

AN tAONAD ERTMS

Tá an Córas Eorpach um Bainistiú Tráchta Iarnróid (ERTMS) ina mhórhionscadal tionsclaíoch atá ar thús cadhnaíochta chlár oibre an Aontais Eorpaigh le haghaidh córas iarnróid idir-inoibritheach agus le haghaidh margadh oscailte a bhunú go forchéimnitheach san earnáil.

Is é an Ghníomhaireacht an t-údarás córais don ERTMS.

Tá dhá phríomh-chomhpháirt ag an ERTMS, is iad sin: an Córas Eorpach um Rialú Traenacha (ETCS), ar córas comhchuibhithe um rialú traenacha é, agus an Córas Domhanda do Chumarsáid Mhóibíleach – Iarnród (GSM-R), ar córas do chumarsáid iarnróid é.

Déanann an tAonad ERTMS na nithe seo a leanas:

- › Cinntíonn sé go gcuirtear sonraíochtaí comhchuibhithe ar fáil agus go gcothabháiltear iad chun na cuspóirí a bhaineann le hidir-inoibritheacht agus le bunú forchéimnitheach an mhargaidh a bhaint amach.
- › Déanann sé bailiú agus próiseáil réamhghníomhach ar an taithí iarbhír ar Bhainistiú Rialaithe Athraithe a chur i bhfeidhm agus an Bunachar Sonraí ar Iarrataí Athraithe á chothabháil aige ag an am céanna
- › Déanann sé cur chun cinn agus éascú ar an tuiscint chomhchoiteann ar na prionsabail agus na sonraíochtaí a bhaineann le himscaradh an ERTMS
- › Soláthraíonn sé cabhair theicniúil chun a chinntiú go gcosnaítear infheistíochtaí méadaitheacha san ERTMS agus go spriocdhírítear iad ar bhealach a bhainfidh cur chun feidhme comhlíontach amach.
- › Cuireann sé cúraimí i gcrích chun cur le straitéis chomhleanúnach Eorpach a fhorbairt ar mhaithe le himscaradh an ERTMS a chothú, agus é ag obair i ndlúthchomhar leis an gCoimisiún agus leis an Earnáil chun sonraíochtaí teicniúla atá cothrom le dáta a chinntiú agus ag tacú le tionscnaimh Eorpacha chun cur chun feidhme comhlíontach a shainaithint agus a chinntiú.

Tá an tAonad i gceannas freisin ar na Sonraíochtaí Teicniúla don Idir-inoibritheacht a bhaineann le Rialú agus Ceannas agus le Comharthaíocht, lena gcumhdaítear na córais um aimsiú traenacha freisin, a chothabháil agus a athrú agus ar rialacha oibríochtaí an ERTMS a fhorbairt agus a chothabháil agus soláthraíonn sé cúnamh don Choimisiún maidir le gníomh leantach a dhéanamh i leith thionscadail ERTMS a gcistíonn clár an Ghréasáin Thras-Eorpaigh Iompair iad.

Tá clár ilbhliantúil curtha ar bun ag an Aonad ERTMS i gcomhar leis an earnáil agus le geallsealbhóirí freisin, agus é mar aidhm leis sainaithint a dhéanamh ar na roghanna inmharthana atá ann maidir leis an gcóras cumarsáide amach anseo a chur i bhfeidhm de réir a chéile tar éis dheireadh saoil an Chórais Dhomhanda do Chumarsáid Mhóibíleach – Iarnród (GSM-R) atá beartaithe, agus ullmhúchán a dhéanamh don obair sin.

Ní bheifear in ann na sonraíochtaí a chomhchuibhiú gan cur chuige comhchoiteann a ghlacadh i leith a gcur i bhfeidhm. Mar sin, beidh sé níos tábhachtaí ná riamh dul i mbun gníomhaíochtaí sonracha leis na Comhlachtaí dá dTugtar Fógra agus obair a dhéanamh i gcomhar leis na hÚdaráis um Shlándaíl Náisiúnta.

NÓS IMEACHTA CHUN IARRATAS A DHÉANAMH

Chun iarratas **bailí** a dhéanamh, ní mór na doiciméid seo a leanas a chur isteach:

- › Curriculum vitae mionsonraithe (CV san fhormaid Aontais Eorpaigh amháin). Féach an nasc thíos:
<http://europass.cedefop.europa.eu/en/documents/curriculum-vitae/templates-instructions>
- › Litir inspreagtha nach mó ná 2 leathanach, ina mínítear cén fáth ar spéis leis an iarrthóir an post agus cén acmhainn atá aige/aici chun obair na Gníomhaireachta a chur ar aghaidh, má roghnaítear é/i;
- › An ghreille incháilitheachta (féach an iarscríbhinn).

Aon iarrthóir nach gcloíonn leis na treoracha atá luaite thuas, eisiafar é/í ón bpróiseas roghnúcháin.

Moltar d'iarrthóirí an t-iarratas a líonadh isteach i mBéarla chun an próiseas roghnúcháin a éascú mar gurb é Béarla teanga oibre na Gníomhaireachta.

Ní mór iarratais a sheoladh trí ríomhphost chuig an mbosca ríomhphoist jobs@era.europa.eu faoi 23.59 Am Lár na hEorpa (am áitiúil in Valenciennes) an **25/09/2016** ar a dhéanaí, **agus uimhir thagartha an ghlaio ar iarratais á sonrú go soiléir sa líne ábhair.**

Tabhair faoi deara nach mbreithneofar iarratais a gheofar trí fhacs nó tríd an bpost.

Más rud é go n-aimsítear ag céim ar bith den nós imeachta gur mícheart atá an fhaisnéis a thug iarrthóir, féadfar an t-iarrthóir i gceist a dhícháiliú.

Tá cosc ar iarrthóirí teagmháil, bíodh sí díreach nó indíreach, a dhéanamh le comhaltaí den Choiste Roghnóireachta agus tá cosc ar dhuine ar bith eile déanamh amhlaidh thar a gceann. Forchoimeádann an tÚdarás atá Údaraithe chun Conarthaí a Chur i gCrích (an AACC anseo feasta) an ceart chun aon iarrthóir a dhéanann neamhaird den treoir sin a dhícháiliú.

Déanfar liosta ionadaithe a bhunú, a bheidh bailí go dtí an **31/12/2017**. Féadfar fad a chur le tréimhse bailíochta an liosta ionadaithe ar chinneadh ón AACC. Féadfar an liosta ionadaithe a úsáid chun earcaíocht a dhéanamh le haghaidh poist eile lena mbaineann an phróifíl chéanna leis an gceann atá sonraithe thuas.

Tabhair faoi deara go bhféadfadh fadhbanna a bheith ag an gcóras méideanna móra sonraí a phróiseáil mar gheall ar an líon ard iarratas a d'fhéadfaimis a fháil faoin spriocdháta le haghaidh iarratais a chur isteach. Moltar d'iarratasóirí, dá bhrí sin, a n-iarratas a chur isteach tamall maith roimh an spriocdháta.

Tábhachtach: NÍOR cheart doiciméid tacaíochta (e.g. cóipeanna deimhnithe de chéimeanna/dhioplómaí, cruthúnas ar thaithí, etc.) a sheoladh ag an gcéim seo, ach is féidir go n-iarrfar iad ag céim níos déanaí den nós imeachta. Ní sheolfar aon doiciméid ar ais chuig iarrthóirí.

NÓS IMEACHTA ROGHNÚCHÁIN

Eagrófar an nós imeachta roghnúcháin mar seo a leanas:

1. Seiceálfaidh an Coiste Roghnóireachta bailíocht agus critéir incháilitheachta gach iarratais,
2. Na hiarrthóirí a chomhlíonann na critéir incháilitheachta, déanfar a n-iarratais a mheas de réir na gcritéar roghnúcháin,
3. Déanfaidh an Coiste Roghnóireachta litreacha inspreagtha agus CVanna na n-iarrthóirí incháilithe a mheas agus bunóidh sé gearrliosta de na hiarrthóirí is mó a chomhlíonann na critéir roghnúcháin de réir mar a leagtar amach iad sa ghlaio ar iarratais,
4. Beidh an cuireadh bunaithe ar na scóir is airde a gnóthaíodh sa scagadh réamhroghnúcháin a rinneadh ar na critéir incháilitheachta,

5. Cuirfidh an Coiste Roghnóireachta na hiarrthóirí ar an ngearrliosta faoi agallamh agus faoi scrúdú,
6. Déanfar an triail scríofa trí mheán an Bhéarla,
7. Déanfar an t-agallamh trí mheán an Bhéarla. Más é Béarla do mháthairtheanga, is é an teanga eile a shonraítear sa CV a scrúdófar le linn an agallaimh,
8. Nuair a bheidh na torthaí ar na hagallaimh agus na trialacha scríofa ar fáil, molfaidh an Coiste Roghnóireachta liosta iarrthóirí oiriúnacha⁷ don AACC. Beidh an liosta in ord aibítire, agus cuirfear an liosta mionsonraithe de na scóir a fuarthas ar fáil tar éis an agallaimh agus na trialach scríofa (más infheidhme). Na hiarrthóirí a fhaigheann na marcanna cáilitheacha san agallamh agus sna trialacha scríofa (más infheidhme), cuirfear iad ar an liosta ionadaithe (más infheidhme). Ba cheart d'iarrthóirí a thabhairt faoi deara nach gcinntítear tairiscint poist le háit ar an liosta ionadaithe,
9. Sula gceapfar gníomhaire sealadach, scrúdóidh an AACC an bhfuil nó nach bhfuil ag an iarrthóir aon leas pearsanta a chuirfeadh isteach ar a neamhspleáchas nó aon choinbhleacht leasa eile. Ní mór don iarrthóir aon choinbhleacht leasa atá ann nó a d'fhéadfadh teacht chun cinn ar chur in iúl don AACC trí fhoirm ar leith a úsáid. Déanfaidh an AACC aon bheart cuí, más gá,
10. Beidh an liosta ionadaithe bailí go dtí an 31/12/2017. Féadfar fad a chur lena thréimhse bailíochta le cinneadh ón AACC,
11. Ceapfar iarrthóirí oiriúnacha ar chinneadh ón AACC. Sula dtairgfear post dóibh, d'fhéadfadh go n-éileofaí ar iarrthóirí ar an liosta ionadaithe dul faoi agallamh leis an Stiúrthóir Feidhmiúcháin.

ACHOIMRE AR NA COINNÍOLLACHA FOSTAÍOCHTA

1. Tá tuarastal díolmhaithe ó cháin náisiúnta. Ina ionad sin, asbhainfear cáin chun leasa an Aontais Eorpaigh ag an bhfoinse;
2. Teidlíocht saoire bliantúla a chuimsíonn dhá lá in aghaidh na míosa féilire, chomh maith le laethanta sa bhreis ag brath ar aois agus ar ghrád an bhaill foirne, agus 2 ½ lá do bhaill foirne easaoránacha, anuas ar 16 lá saoire ERA ar an meán in aghaidh na bliana;
3. Oiliúint ghinearálta agus theicniúil is infheidhme agus deiseanna forbartha gairmiúla;
4. Scéim Pinsean an Aontais Eorpaigh (tar éis seirbhís 10 mbliana);
5. Cumhdach árachais ó thimpiste agus galar ceirde faoi Chomhscéim Árachais Breoiteachta an Aontais Eorpaigh, liúntas dífhostaíochta agus easláine agus árachas taistil;

Ag brath ar chúinsí pearsanta an duine agus ar an tír thionscnaimh, d'fhéadfadh bail foirne bheith i dteideal na nithe seo freisin:

6. Liúntas easaoránachta nó liúntas cónaithe eachtraigh;
7. Liúntas teaghlaigh;
8. Liúntas linbh chleithiúnaigh;
9. Liúntas oideachais;
10. Liúntas suiteála agus aisíocaíocht costas aistrithe;
11. Liúntas cothaithe laethúil ar feadh tréimhse shealadach thosaigh;
12. Sochair eile (aisíocaíocht costas taistil ar an bpost a thosú, etc.)

Chun tuilleadh faisnéise a fháil faoi na coinníollacha faoi seach, féach larscríbhinn VII leis na Rialacháin Foirne (ó leathanach 96 go leathanach 110):

<http://eur-lex.europa.eu/LexUriServ/LexUriServ.do?uri=CONSLEG:1962R0031:20140101:EN:PDF>

⁷ Ní bhreithneofar ach na hiarrthóirí sin a fuair scór foriomlán 50 % ar a laghad

GEALLTANAIS**Gealltanais chun comhdheiseanna a chur chun cinn:**

Is fostóir comhdheiseanna í an Ghníomhaireacht agus molann sí go láidir do gach iarrthóir a chomhlíonann na critéir incháilitheachta agus roghnúcháin iarratas a dhéanamh gan aon idirdhealú a dhéanamh bunaithe ar fhoras amhail náisiúntacht, aois, cine, prionsabail pholaitiúla, fealsúnachta nó chreidimh, inscne nó gnéaschlaonadh agus beag beann ar mhíchumas, ar stádas pósta agus ar aon chúinsí teaghlaigh eile.

Nós imeachta achomhairc:

Aon iarrthóir a measann go ndearnadh earráid maidir le hincháilitheacht a (h)iarratais, féadfaidh sé/sí athbhreithniú a iarraidh. Chuige sin, féadfar iarraidh ar athbhreithniú a chur isteach laistigh de 20 lá féilire ó seoladh an ríomhphost inar cuireadh in iúl dó/di gur diúltaíodh dá (h)iarratas. Ba cheart an tagairt don nós imeachta roghnúcháin lena mbaineann a shonrú san iarraidh ar athbhreithniú agus ba cheart lua soiléir a dhéanamh inti ar an gcritéir incháilitheachta/na critéir incháilitheachta a bhfuiltear ag iarraidh athbhreithniú a dhéanamh ina leith agus ar an bhfáth a bhfuil an t-athbhreithniú á iarraidh. Ba cheart an iarraidh sin a sheoladh chuig bosca ríomhphoist tiomnaithe na Gníomhaireachta (jobs@era.europa.eu).

Cuirfear an cinneadh ón gCoiste Roghnóireachta ar an ábhar in iúl don iarrthóir laistigh de 15 lá féilire tar éis a (h)iarraidh a fháil.

NÓSANNA IMEACHTA ACHOMHAIRC AGUS GEARÁIN

Má mheasann iarrthóir gur imir cinneadh ar leith drochthionchar air/uirthi, féadfaidh sé/sí gearán riaracháin a dhéanamh de réir Airteagal 90(2) de Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh agus Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh ag an seoladh seo a leanas:

Stiúrthóir Feidhmiúcháin
Gníomhaireacht Iarnróid an Aontais Eorpaigh
120, rue Marc Lefrancq
FR - 59300 Valenciennes

Ní mór an gearán a chur isteach laistigh de 3 mhí ón uair a cuireadh an gníomh a d'imir drochthionchar air/uirthi in iúl don iarrthóir.

Má dhiúltaítear don ghearán, féadfaidh an t-iarrthóir cás a thabhairt faoi Airteagal 270 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus faoi Airteagal 91 de Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh agus Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh os comhair:

An Binse um Sheirbhís Shibhialta an Aontais Eorpaigh

Is féidir freisin gearán a dhéanamh leis an Ombudsman Eorpach de bhun Airteagal 228(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus de réir na gcoinníollacha a leagtar síos sa Chinneadh ó Pharlaimint na hEorpa an 9 Márta 1994 maidir leis na rialacháin agus na coinníollacha ginearálta lena rialaítear comhlíonadh dhualgais an Ombudsman, arna fhoilsiú in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh, L 113 an 4 Bealtaine 1994:

An tOmbudsman Eorpach
1, Avenue du Président Robert Schuman – CS 30403
FR – 67001 Strasbourg Cedex
<http://www.ombudsman.europa.eu>

Tabhair faoi deara nach bhfuil aon éifeacht fionraíochta ag gearáin a dhéantar leis an Ombudsman ar an tréimhse a leagtar síos in Airteagal 90(2) agus in Airteagal 91 de Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh maidir le gearán a dhéanamh leis an mBinse um Sheirbhís Shibhialta an Aontais Eorpaigh agus le hachomharc a dhéanamh os a chomhair faoi seach de réir Airteagal 270 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh

<p>Seoladh Poist L-2925 Lucsamburg http://curia.europa.eu/</p> <p>Tabhair faoi deara nach bhfuil sé de chumhacht ag an AACC aon chinneadh a dhéanann Coiste Roghnóireachta a leasú. Is é tuairim sheasta na Cúirte nach bhfuil an lánrogha leathan atá ag an gCoiste Roghnóireachta faoi réir athbhreithniú ag an gCúirt ach amháin sa chás go ndéantar sárú ar na rialacha lena rialaítear nósanna imeachta na gCoistí Roghnóireachta.</p>	
<p><i>COSAINN SONRAÍ</i></p>	
<p>Is é an cuspóir a bhaineann leis na sonraí a chuireann tú isteach a phróiseáil ná d'iarratas a bhainistiú d'fhonn réamhroghnú agus fostú féideartha a dhéanamh ag an nGníomhaireacht.</p> <p>Próiseálfar an fhaisnéis phearsanta a iarraidimid uait de réir Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2000 maidir le daoine aonair a chosaint i dtaca le próiseáil sonraí pearsanta ag institiúidí agus comhlachtaí na gComhphobal agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin.</p>	<p>Féach an nasc: http://www.era.europa.eu/The-Agency/Jobs/Pages/HR-Privacy-Statement.aspx</p>